Imdhíonadh

le haghaidh leanaí réamhscoile

trí go cúig bliain d'aois

Irish translation of *Immunisation for pre-school children three to five years old*

Imdhíonadh
cosain do leanbh ar feadh a shaoil

Eolas mar gheall ar an teanndháileog MMR agus ar teanndáileog nua diftéire, teiteanais, treacha agus polaimiailítis

Intreoir

Tugtar sa bhileog seo na fíricí mar gheall ar an vacsaín nua dTaP/IPV nó DTaP/IPV agus ar an teanndáileog nua MMR a thugtar do leanaí sula dtéann siad ar scoil. Más mian leat an t-eolas seo a phlé gabh i dteagmháil le do thoil le do dhochtúir, do chuairteoir sláinte nó le banaltra an ionaid leighis. Seans go mbeadh sé ina chuidiú leat chomh maith cuairt a thabhairt ar:

www.mmrthefacts.nhs.uk
www.immunisation.nhs.uk
www.dhsspsni.gov.uk/phealth

An vacsaín nua

Tugann an vacsaín nua seo cosaint in éadan na diftéire (d nó D), an teiteanais (T) agus treacha (P - pertussis) agus polaimiailítis (vacsaín polaimiailítis dhíghníomhaithe – IPV). Tugtar anois cuid an pholaimiailítis mar chuid den instealladh céanna seachas sa bhéal.

Ba chóir teanndáileog dTa/IPV nó DTaP/IPV a bheith ag do pháiste agus é idir trí agus cúig bliain d'aois (sula dtosaíonn sé ar ghabháil chun na scoile).

Tabharfar teanndáileog eile in éadan na diftéire, an teiteanais agus an pholaimiailítis do pháistí agus iad idir 14 agus 18 bliain d'aois.

Bíonn dhá vacsaín ar fáil mar theanndáileog réamhscoile - ceann a mbíonn diftéire an-láidir ann (DTaP/IPV) agus ceann a mbíonn diftéire nach bhfuil láidir ann (dTaP/IPV). Léiríodh go mbíonn éifeacht mhaith ag an dá vacsaín, mar sin de is cuma cé acu ceann a fhaigheann do leanbh mar theanndáileog réamhscoile.

Cad chuige a bhfuil an t-athrú á dhéanamh anois?

De réir mar a glanadh an polaimiailíteas ar shiúil i gceantracha móra ar fud an domhain de thairbhe clár imdhíonta domhanda is lú i bhfad an baol go dtabharfar ionfhabhtú polaimiailítis isteach sa Ríocht Aontaithe. De thairbhe seo is féidr athrú ó vacsaín bheo bhéil pholaimiailítis (OPV, a thugtar sa bhéal) a thugann cosaint níos fearr don phobal ar fad, go vacsaín dhíghníomhaithe pholaimiailítis (IPV) a thugann cosaint éifeachtach don duine aonair.

Cad é mar atá a fhios againn go bhfuil an vacsaín nua seo sábháilte agus éifeachtach?

Ní mór an-chuid trialacha a dhéanamh ar vacsaín lena chinntiú go bhfuil sí sábháilte sula dtugtar do dhuine ar bith í. Leantar ar aghaidh leis na cinntithe seo fiú nuair a thugtar vacsaín isteach. Ní bhaintear úsáid ach amháin as vacsaíní a n-éiríonn leo sna trialacha uile. Is féidir le fo-éifeachtaí a bheith ag cógas ar bith, ach bíonn vacsaíní ar an chuid is sábháilte acu. Léiríonn taighde ó gach cearn den domhan gurb é an t-imdhíonadh an dóigh is fearr le sláinte do linbh a chosaint. Féach leathanach 5 maidir le fo-éifeachtaí.

Thosaigh m'iníon an t-imdhíonadh s'aici leis na seanvacsaíní - an féidir léi athrú chuig na cinn nua?

Tá na seanvacsaíní agus na cinn nua comhoiriúnach, mar sin de beidh cosaint iomlán aici fhad is mbíonn na imdhíontaí óige uile sa chlár aici (féach an clúdach cúl).

Chuala mé go mbíonn tiaimearcal sna vacsaíní

Ní úsáidtear tiaimearcal (mearcar) a thuilleadh sna vacsaíní sa ghnáthchlár imdhíonta óige. Ar feadh seasca bliain baineadh úsáid as mionmhéid mearcair ar mhaithe leis na vacsaíní a choinneáil ó ghabháil ó mhaith. Le linn an ama seo ar fad ní raibh fianaise ar bith go ndearna sé dochar ar bith. Ní úsáidtear é a thuilleadh mar chuid den aidhm dhomhanda oscailteacht an duine do mhearcar ó fhoinsí inseachanta a laghdú.

Cad iad na haicídí a dtugann an vacsaín seo cosaint orthu?

Diftéire

Is aicíd thromchúiseach é an diftéire ar féidir léi fadhbanna análaithe a chruthú go gasta. Is féidir léi damáiste a dhéanamh don chroí agus don néarchóras agus is féidir léi bheith marfach sna cásanna is troime. Sular tugadh an vacsaín diftéire isteach bhí suas le 1,500 cás diftéire i dTuaisceart Éireann in aghaidh na bliana.

Teiteanas

Is aicíd phianmhar é an teiteanas a théann i bhfeidh ar na matáin agus is féidir leis fadhbanna análaithe a chruthú. Tarlaíonn ionfhabhtú nuair a fhaigheann frídíní sa chré agus in aoileach isteach sa chorp trí ghearradh nó dó craicinn. Téann teiteanas i bhfeidhm ar an néarchóras lárnach agus is féidir leis bheith marfach.

Pertussis (triuch)

Is cúis é an triuch le babhtaí fada casachtaigh agus tachtaithe a chuireann crua ar an othar análú. Is féidir leis leanúint ar aghaidh suas le deich seachtaine. Is féidir leis bheith an-

tromchúiseach do leanaí óga agus is féidir leis leanbháin faoi bhliain d'aois a mharú fiú amháin. Sular tugadh an vacsaín treacha isteach tuairiscíodh suas le 3,500 cás den ghalar i dTuaisceart Éireann in aghaidh na bliana.

Polaimiailíteas

Is víreas é an polaimiailíteas a dhéanann ionsaí ar an néarchóras agus is féidir leis pairilis a chur ar na matáin. Má théann sé i bhfeidhm ar mhatáin chliabhraigh nó ar an inchinn is féidir leis an pholaimiailíteas an duine a mharú. Sular tugadh an vacsaín polaimiailítis isteach bhí suas le 1,500 cás de polaimiailíteas pairiliseach i dTuaisceart Éireann in aghaidh na bliana.

Fo-éifeachtaí na vacsaíní dTaP/IPV nó DTaP/IPV

Ní bheidh fo-éifeachtaí ar bith acu ar bhunús na leanaí, ach bíonn na leanaí uile éagsúil óna chéile. Is féidir le cuid dena fo-éifeachtaí seo a leanas a bheith ag do leanbh, agus bíonn siad éadrom de ghnáth:

- cancracht suas go 48 uair i ndiaidh dóibh an t-instealladh a bheith acu;
- fiabhras éadrom (féach leathanach 15);
- cnapán beag ag láthair an insteallta. Seans go mairfidh seo roinnt seachtainí agus imeoidh sé go mall de réir a chéile.

Má cheapann tú go raibh fo-éifeacht ar bith eile ag do leanbh de dheasca na vacsaíní dTaP/IPV nó DTaP/IPV a chuireann imní ort labhair le do dhochtúir, do bhanaltra nó le do chuairteoir sláinte.

Go fíorannamh is féidir go mbeadh frithghníomhú ailléirgeach ann mar atá gríos nó tochas ar chuid éigin den chorp nó ar an chorp ar fad. Níos annaimhe fós d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh frithghníomhú dian de dheasca an imdhíonta a chruthaíonn deacrachtaí análaithe don leanbh nó fiú go dtiteann sé i laige. Tugtar turraing anaifiolachtach ar seo. Léiríodh i staidéar ar na mallaibh go dtuairiscítear cás amháin de thurraing anaifiolachtach le haghaidh gach leathmhillúin indhíonadh a thugtar. Bíodh gur féidir le frithghníomh ailléirgeach bheith ina chúis imní, tagann biseach gasta agus iomlán ar an othar tar éis chóir leighis.

D'fhéadfadh sé tarlú go fíorannamh go dtagann taom ar leanaí lá nó dhó i ndiaidh dóibh an vacsaín dTaP/IPV nó DTaP/IPV a fháil. Is gnách go dtagann sé le teocht an-ard (féach leathanach 14). Má thagann taom aar do leanbh, cuir fios ar an dochtúir láithreach bonn. Is gnách go dtagann biseach iomlán gasta ar leanaí i ndiaidh taoma. Is féidir le leanaí óga taomanna a bheith orthu in am ar bith, mar sin de ní gá go mbeadh baint ag taom a thagann orthu i ndiaidh an vacsaín leis an vacsaín. Déanfaidh do dhochtúir cinneadh an féidir le do leanbh dáileog vacsaíne breise a bheith aige.

An vacsaín MMR

Déanann an vacsaín MMR do leanbh a chosaint ar an bhruitíneach (M), an leicneach (M) agus an bhruitíneach dhearg (R; rubella).

Ba chóir go bhfaighfidh do leanbh teanndáileog den vacsaín MMR nuair atá sé idir trí agus cúig bliana d'aois (sula dtosnaíonn sé ar ghabháil chun na scoile).

Mura bhfuil an chéad dáileog faighte ag do leanbh faoin am seo beidh an dá dháileog de dhíth air anois, agus trí mhí eatarthu.

Ó tugadh an MMR isteach anseo i 1988 tá líon na bpáistí a thógann na haicidí seo tite go dtí an leibhéal is ísle riamh.

Is féidir le seachghalair thromchúiseacha a bheith ag an bhruitíneach, an leicneach agus an bhruitíneach dhearg araon

- Is féidir leis an bhruitíneach bheith mar chúis le hionfhabhtuithe cluaise, fadhbanna riospráide agus meiningíteas/einceifilíteas (athlasadh inchinne). Tá baol báis ann i 1 as gach 2,500 - 5,000 cás.

- Is féidir leis an leicneach bheith mar chúis bhodhrachta a mbeidh lán-téarnamh nó leath-téarnamh leis. Chomh maith leis sin is féidir leis bheith mar chúis le magairlí ata pianmhara ag na buachaillí is sine agus ag fir. Ba é an chúis ba mhó a bhíodh le meiningíteas víreasach i bpáistí.

- Is féidir leis an bhruitíneach dhearg bheith mar chúis le athlasadh inchinne chomh maith agus is féidir leis tionchar a imirt ar théachtadh fola. Is féidir leis an-tionchar a bheith aige ar mhná atá ag iompar, ag tarraingt breith anabaí, nó is féidir léi fadhbanna móra a chruthú dá leanaí mar shampla dallacht, bodhracht, agus fadhbanna croí nó dochar inchinne.

Tá sé ríthábhachtach a chuimhniú go dtiocfaidh na trí aicíd seo ar fad ar beagnach gach leanbh gan an MMR.

An mbíonn fo-éifeachtaí ar bith leis an MMR?

Mar is amhlaidh i gcás cógais ar bith baineann roinnt fo-éifeachtaí le vacsaíní. Is mionéifeachtaí iad a bhformhór agus ní mhaireann siad ach ar feadh tamaillín, mar shampla, deargadh agus at ag áit an insteallta.

Tá trí vacsaín faoi leith in aon instealladh amháin in MMR. Feidhmíonn na vacsaíní ag amanna éagsúla. Thart fá sheachtain nó deich lá i ndiaidh an imdhíonta MMR tagann fiabhras ar roinnt páistí, tagann gríos atá cosúil leis an bhruitíneach orthu agus cailleann siad a ngoile de réir mar a thosaíonn an chuid den imdhíonadh ina bhfuil an bhruitíneach ag dul i bhfeidhm.Go fíorannamh is féidir le do leanbh gríos spotaí beaga atá cosúil le ballbhrúnna de dheasca cuid na bruitíní deirge den imdhíonadh a fháil thart fá choicís i ndiaidh an MMR. Is gnách go dtagann biseach air seo gan cóir leighis ach má fheiceann tú spotaí mar seo, taispeáin do do dhochtúir iad. Thart fá thrí seachtaine i ndiaidh an insteallta d'fheadfadh sé tarlú corruair go dtiocfadh saghas éadrom leicní ar an leanbh de réir mar a théann cuid na leicní den imdhíonadh MMR i bhfeidhm.

Corruair is fíor go mbíonn droch-fhrithghníomhú ag leanaí tar éis an vacsaín MMR. Tiocfaidh taom ar dhuine as 1,000 de dheasca ardteochta a thagann ó chuid na bruitíní den vacsaín. (Féach leathanach15 leis an dóigh cóir leighis a chur ar fhiabhras). Níl fianaise ar bith ann go n-eascraíonn fadhbanna fadtéarmacha ar bith as seo. Is mó faoi chúig an baol go dtiocfadh taom ag leanbh de dheasca na haicíde féin.

Is féidir cúis a bheith le vacsaíní bheith le frithghníomhartha ailléirgeacha. Ach mar ar deirtear ar leathanach 6, is annamh ar fad iad seo, thart fá chás amháin i leathmhilliún imdhíonadh. Bíodh gur ábhar imní iad nuair a tharlaíonn siad, nuair a chuirtear cóir leighis ar an duine tagann biseach gasta iomlán air.

Bíonn tuairisc amháin ar einceifilíteas (athlasadh na hinchinne) i gcóir gach milliún imdhíonadh nó thart fá sin. Ní hairde é seo ná an seans go bhfaighfeadh an leanbh nach mbíonn an vacsaín aige einceifilíteas. Ach is cúis einceifilítis an bhruitíneach i nduine as gach 5,000 a dtagann an aicíd orthu.

Léiríonn comparáid idir fo-éifeachtaí an MMR le fo-éifeachtaí na bruitíní, na leicní agus na bruitíní deirge gur sábháilte i bhfad an vacsaín ná na haicídí.

Seachghalair	Ráta tar éis an haicíde nadúrtha	Ráta tar éis an chéad dáileog MMR
Taomanna (de dheasca ardteochta)	1 as 200	1 as 1,000
Meiningíteas/ athlasadh na hinchinne (einceifilíteas)	1 as 200 go 1 as 5,000	1 as 1,000,000
Riocht a bhaineann le téachtadh fola	1 as 3,000	1 as 24,000
Bás (ag brath ar aois)	1 as 2,500 go 1 as 5,000	Cás ar bith

Is annaimhe fós na fo-éifeachtaí seo i ndiaidh an dara dáileog MMR.

Fíricí mar gheall ar an vacsaín MMR

- Tugann an vacsaín MMR cosaint do leanaí in éadán na bruitíní, na leicní agus na bruitíní deirge.

- Le tríocha bliain anuas tugadh breis agus 500 milliún dáileog MMR i mbreis agus 100 tír. Tá ardchaighdeán sábháilteachta aige.

- Níl fianaise ar bith ann a léiríonn aon bhaint a bheith ag an MMR leis an uathachas nó le galar putóige.

- Is féidir dochar a dhéanamh má thugtar na vacsaíní ina n-aonar. Fágann sé go mbíonn an baol ann go dtógfaidh leanaí an bhruitíneach, an leicneach nó an bhruitíneach dhearg.

- Ní mholtar i dtír ar bith a bhfuil an MMR ar fáil inti go dtabharfar na vacsaíní éagsúla ina n-aonar.

- Sa bhliain sular tugadh an MMR isteach sa Ríocht Aontaithe thóg 86,000 leanbh an bhruitíneach agus fuair 16 duine acu bás. Mar gheall ar rannphairtíocht íseal vacsaínithe, bhí ráigeanna bruitíní ar na mallaibh in Éirinn agus sa Spáinn, agus cailleadh roinnt leanaí dá ndeasca.

Cad mar gheall ar na tuairiscí a mhaíonn nasc a bheith idir an t-uathachas agus an MMR?

Bíodh gur minice a aithnítear an t-uathachas na laetha seo, bhí an méadú i líon na gcásanna ag gabháil ar aghaidh i bhfad sular tugadh an MMR isteach. Is minic go n-aithníonn tuismitheoirí comhartha an uathachais sna leanaí i ndiaidh a gcéad lá breithe. Is gnách go dtugtar an MMR do leanaí thart fán aois seo ach ní hionann sin is a rá gurb é an MMR is cúis leis an uathachas.

Rinneadh taighde forleathan sa Danmhairg, sa tSualainn, san Fhionlainn, sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe a raibh na céadta míle leanbh páirteach ann le féiceáil an raibh nasc ar bith idir an vacsaín MMR agus an t-uathachas. Níor aithníodh aon nasc.

Tá saineolaithe ar fud an domhain, comhaltaí den Eagrais Sláinte Domhanda ina measc, ar aon intinn nach bhfuil aon nasc idir an vacsaín MMR agus an t-uathachas.

Ar coinníodh súil ar leanaí fada go leor i ndiaidh dóibh an MMR a fháil le go bhféadfaimid bheith cinnte go bhfuil sé sábháilte?

Tá MMR in úsáid sna Stáit Aontaithe le breis agus triocha bliain agus úsáideadh os cionn 200 milliún dáileog. San Fhionnlainn, áit ar tugadh dhá dháileog MMR do leanaí ó 1982 ar aghaidh coinníodh súil ar fríthghníomhartha ó MMR a tuairiscíodh thar ar feadh 14 bliain. Níor tuairiscíodh dochar buan de dheasca na vacsaíne i gcás ar bith. Le fírinne, léiríodh gur vacsaín an-éifeachtach é an MMR a bhfuil stair iontach sábháilteachta aige.

Nárbh fhearr na vacsaní aonair a thabhairt do leanaí?

Dá dtabharfaí na vacsaíní ceann i ndiaidh an chinn eile bheadh sé instealladh i gceist seachas an dá cheann agus d'fhágfadh sé sin go mbeadh leanaí oscailte do dhá cheann de na haicidí ar feadh bliana ar a laghad. Is féidir leis na haicídí seo bheith contúirteach agus marfach fiú.

Dúradh go gcuirtear an iomarca brú ar chóras imdhíonachta an linbh má thugtar trí vacsaín dó ag an am céanna. Ní fíor sin. A luaithe is a thagann siad isteach sa saol déanann córas imdhíonachta na leanaí iad a chosaint ó na mílte víreas agus frídíní atá thart timpeall orthu.

Molann an tEagras Sláinte Domhanda gan trí vacsaín éagsúla a thabhairt mar go bhfágann sé sin na leanaí i mbaol gan aon tairbhe dóibh. Ní mholtar i dtír ar bith ar domhan go dtabharfaí an MMR mar thrí vacsaín éagsúla. Níl fianaise ar bith ann gur sábháilte é na vacsaín a thabhairt ag amanna éagsúla, mar sin de thiocfadh dó go mbeimis ag déanamh dochair gan aon bhuntáiste a fháil.

An bhfuil fáthanna ar bith ann nár chóir do mo leanbh an t-imdhíonadh dTaP/IPV nó DTaP/IPV nó MMR a fháil?

Is beag fáth atá ann nár chóir do do leanbh an t-imdhíonadh MMR a fháil ach ba chóir duit an dochtúir nó an bhanaltra a chur ar an eolas má:

- tá teocht an-ard nó fiabhras air;
- bhain aon imdhíonadh fhrithghníomh trom as;
- bhí ailléirge trom aige d'aon rud;
- bhí neamhord fuilithe air;
- bhí taomanna nó trithí air;

- bhí aon chóireáil le haghaidh ailse aige;
- tá aon ghalar aige a théann i bhfeidhm ar an chóras imdhíontachta (mar shampla leoicéime, VEID nó SEIF);
- tá cógas ar bith á ghlacadh aige a imríonn tionchar ar an chóras imdhíonachta (mar shampla stéaróidí ard-dáileoige nó cóireáil a thugtar tar éis aistriú orgáin nó le haghaidh ailse);
- tá aon ghalar tromchúiseach eile air.

Ní chiallaíonn sna cásanna seo i gcónaí nach féidir imdhíonadh a thabhairt do do leanbh ach is cuidiú é leis an dochtúir nó leis an bhanaltra an t-eolas agus iad ag roghnú na imdhíontaí is fearr a oireann do do leanbh agus más cóir dóibh aon chomhairle eile a thabhairt duit. Ní cúis í in am ar bith stair tinnis an teaghlaigh gan imdhíonadh a thabhairt do leanbh.

Cad é a tharlaíonn má thagann teocht ard ar mo leanbh i ndiaidh an imdhíonta?

Is annamh fo-éifeachtaí ag vacsaíní, agus is gnách go mbíonn siad éadrom agus go n-imíonn siad go gasta. Seans go bhfaighfidh roinnt leanaí ardú teochta nó fiabhras (os cionn 37.5ºC). Má mhothaíonn aghaidh do linbh te faoi do lámh agus má bhíonn cuma dhearg nó lasta air is dócha go bhfuil fiabhras air. Is féidir leat an teocht a chinntiú le teirmiméadar.

Bíonn fiabhrais minic go leor ag leanbháin agus leanaí. Is minic ionfhabhtú mar chúis leo. Corruair bíonn fiabhras ina chúis taoma ag leanbhaín. Is féidir seo tarlú le fiabhras ar bith bíodh sé de dheasca ionfhabhtaithe nó na vacsaíne. Mar sin de tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agat cad é ba chóir duit a dhéanamh sa chás go mbíonn fiabhras ar do leanbh. Cuimhnigh, is minice a tharlaíonn fiabhras de dheacsa na n-aicídí ná de bharr na vacsaíní.

An chóir leighis ar fhiabhras

1. Coinnigh do leanbhaí ón iomarca teasa agus:
   - déan cinnte nach mbíonn an iomarca brat éadaí nó blaincéad orthu;
   - déan cinnte nach mbíonn an seomra ina mbíonn sé rothé (níor chóir don seomra bheith fuar ach oiread, ach go deas fionnuar).

2. Tabhair neart deochanna fuara dó.

3. Tabhair paraicéiteamól leanbhán nó iobúpróifein leachtach (iarr an saghas atá saor ó shiúcra) dó. Léigh an treoir ar an bhuidéal go cúramach agus tabhair an dáileog a oireann dá aois do do leanbhán. Seans go mbeidh ort an dara dáileog a thabhairt dó fá cheann ceithre nó sé huaire ina dhiaidh sin.

Cuimhnigh, ná tabhair aspairín in am ar bith do leanaí atá faoi 16 bliain d'aois.

Cuir fios ar an dochtúir láithreach:
- **má bhíonn teocht an-ard (39ºC nó níos mó) ar an leanbh**
- **nó má thagann taom air**

Má thagann taom ar do leanbh fág ar a thaobh é in áit shábháilte nó is baolach go bpreabfaidh nó go ngeitfidh a chorp.

Gnáthchlár imdhíontha na hóige

Aois le haghaidh imdhíontha	Na haicídí a dtugann an vacsaín cosaint orthu	Mar a thugtar é
2, 3 agus 4 mí d'aois	Diftéire, teiteanas, pertussis (triuch), polaimiailíteas agus Hib Meiningíteas C	Instealladh amháin Instealladh amháin
Thart fá 15 mí d'aois	Bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg	Instealladh amháin
3 go 5 bliain d'aois	Diftéire, teiteanas, pertussis (triuch) agus polaimiailíteas Bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg	Instealladh amháin Instealladh amháin
14 go 18 bliain d'aois	Teiteanas, diftéire agus polaimiailíteas	Instealladh amháin

Más amhlaidh nach bhfuair do leanbh riamh aon cheann de na vacsaíní seo níl sé rómhall in am ar bith iad a fháil. Déan coinne le do dhochtúir nó le do chuairteoir sláinte.

Má tá a thuilleadh eolais uait maidir leis an imdhíonadh tabhair cuairt ar shuíomh an DHSSPS www.dhsspsni.gov.uk/phealth nó an suíomh náisiúnta imdhíonta www.immunisation.nhs.uk nó www.mmrthefacts.nhs.uk

Health Promotion Agency

Department of Health, Social Services and Public Safety
www.dhsspsni.gov.uk

Produced by the Health Promotion Agency for Northern Ireland on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety and the four Health and Social Services Boards. Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.

11/05